**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a neamhniú go páirteach, go sonrach a mhéid a sheas an Bord Achomhairc de EUIPO leis an bhfreasúra agus a dhiúltaigh sé don iarratas ar thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh SYNCTUITION MINDSPA (Uimh. 18 306 782);

— a ordú go ndeonófar cosaint don trádmharc faoi cheist ina iomláine;

— a ordú go n-íocfaidh EUIPO as na costais.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 17 Aibreán 2023 — USF/EPSU-CJ v Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh**

**(Cás T-198/23)**

(2023/C 205/43)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Union Syndicale Fédérale/European Public Service Union – Cour de Justice (Lucsamburg, Lucsamburg) (ionadaithe: J.N. Louis agus M. Maes, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

a dhearbhú agus a rialú:

— go bhfuil an chaingean inghlactha agus go bhfuil bunús maith léi,

— nach raibh ann do chinneadh go ndéanfar an t-iarratasóir a bhaint de liosta na bhfaighteoirí i leith fhoilsiú na gcinntí aonair a sheoltar ó “Distribution décisions URC” chomh maith le Liostaí IN-OUT nó, ar a laghad ar bith, go bhfuil sé ar neamhní;

— a ordú don chosantóir na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí.

1. An chéad shaincheist dlí lena n-éilítear nach raibh an inniúlacht sin ag an údarás a ghlac an cinneadh atá á chonspóid.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear go ndearnadh sárú ar an gceart chun dea-riaracháin a thugtar le hAirteagal 41 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear an ceart do gach duine chun éisteacht a fháil sula nglacfar aon bheart aonair ina choinne a dhéanann dochar dó.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear go ndearnadh sárú ar Airteagal 25 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, lena gceanglaítear ar gach institiúid de chuid an Aontais gach aon chinneadh aonair a bhaineann le ceapachán, post buan, ardú céime, aistriú, cinneadh i leith stádas riaracháin agus foirceannadh seirbhíse i dtaobh oifigigh a fhoilsiú laistigh den institiúid féin.

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear go ndearnadh sárú ar an gcreat-chomhaontú arna shíniú idir údarás ceapacháin na Cúirte Breithiúnais agus an t-iarratasóir, lena bhforáiltear nach féidir cinntí ón údarás ceapacháin a bhaineann le ceardchumann nó eagraíocht ghairmiúil ionadaíochta atá ina sínitheoir den chomhaontú sin a ghlacadh gan an Cláraitheoir a bheith ar an eolas faoi, mar a tharla sa chás seo.

---

## Caingean arna tabhairt an 18 Aibreán 2023 — Kivikoski agus Páirtithe Eile v an Chomhairle

**(Cás T-202/23)**

(2023/C 205/44)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

### Páirtithe

*Iarratasóirí:* Ville Kivikoski (Wezembeek-Oppem, an Bheilg), Ottavia Maffia (an Bhruiséil, an Bheilg), Peter Pristovnik (an Bhruiséil) (ionadaí: N. de Montigny, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

### An t-ordú atá á lorg

Iarrann na hiarratasóirí ar an gCúirt Ghinearálta:

— cinneadh an 13 Iúil 2022 a neamhniú;

— a mhéid is gá, an cinneadh lena ndiúltaítear don ghearán dar dáta an 2 Feabhra 2023 a neamhniú sa mhéid a leagtar amach na cúiseanna don chinneadh an 13 Iúil 2022 ann;

— a ordú don chosantóir na costais a íoc.

### Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca lena gcaingean i gcoinne chinneadh Ardrúnaí na Comhairle an 13 Iúil 2022 gan ardú céime a thabhairt do na hiarratasóirí faoin gcleachtadh um ardú céime 2022, maíonn na hiarratasóirí dhá shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go bhfuil an cinneadh atá á chonspóid neamhdhleathach sa mhéid go bhfuil sé bunaithe ar chur i bhfeidhm mícheart de na rialacha agus rátaí reachtúla is infheidhme i leith ardú céime, rud atá mar shárú ar Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus a d'fhág go gcaill siad an deis ar ardú céime a fháil go grád AST 8.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear gur sáraíodh prionsabal na hintuarthachta agus prionsabal na deimhneachta dlíthiúla agus go gcaitheadh ar bhonn neamh-chomhionann neamhdhleathach leis na hiarratasóirí, toisc grád AST 7 a bheith acu, gan foráil a bheith déanta ag an reachtas ina leith sin.